Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 11 Nollaig 2017
(OR. en)

15638/17

ENFOCUSTOM 280
UD 304
SAN 463
DROIPEN 189
COPEN 413
FISC 356

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
An:	7 Nollaig 2017
chuig:	na toscaireachtaí
Uimh. an doic. roimhe seo:	11761/3/17 REV3
Ábhar:	Conclúidí ón gComhairle maidir le dlús a chur leis an gcomhrac i gcoinne táirgí tobac a bheith á dtrádáil go neamhdhleathach san Aontas Eorpach - Conclúidí ón gComhairle (7 Nollaig 2017)

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn, na Conclúidí ón gComhairle maidir le dlús a chur leis an gcomhrac i gcoinne táirgí tobac a bheith á dtrádáil go neamhdhleathach san Aontas Eorpach, a ghlac an Chomhairle ag an 3584ú cruinniú a bhí aici ar an 7 Nollaig 2017.

CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE

MAIDIR LE DLÚS A CHUR LEIS AN gCOMHRAC I gCOINNE TÁIRGÍ TOBAC A BHEITH Á dTRÁDÁIL GO NEAMHDHLEATHACH SAN AONTAS EORPACH

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

IS DÍOL SÁSAIMH DI an tuarascáil ar dhul chun cinn ón gCoimisiún 'Tuarascáil Cur Chun Feidhme maidir leis an Tobac'[1] i ndáil le cur chun feidhme agus forghníomhú an Phlean Gníomhaíochta a ghabhann leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún,

IS CÚIS MHÓR IMNÍ DI scála leanúnach mhargadh an tobac aindleathaigh san Aontas Eorpach, arb iad toitíní a mhonaraítear nó a thrádáiltear go neamhdhleathach is mó, go mór fada, a chuimsítear ann, agus faoin méadú ar thobac uisce-phíopa agus ar tháirgí eile tobac a thrádáiltear go neamhdhleathach,

Agus drochthionchar suntasach airgeadais na trádála aindleathaí seo ar bhuiséad an Aontais agus ar na Ballstáit, agus freisin an drochthionchar suntasach atá aici ar chosaint na sláinte agus ar an smacht reachta, Á CHUR SAN ÁIREAMH AICI,

IS CÚIS MHÓR IMNÍ DI go bhfuil grúpaí coireachta eagraithe an-ghníomhach i mbun smuigleáil ar tháirgí tobac agus go bhfuil líon na n-áiteanna táirgthe neamhdhleathaigh a dhéantar a dhíchóimeáil laistigh den Aontas Eorpach ag dul i méid,

[1] 9319/17

AG MEABHRÚ DI na tosaíochtaí agus na cúraimí atá leagtha amach i ndoiciméid straitéiseacha amhail an straitéis athnuaite slándála inmheánaí don Aontas Eorpach 2015-2020[2], na Conclúidí ón gComhairle maidir le tosaíochtaí an Aontais a leagan síos don chomhrac i gcoinne na coireachta idirnáisiúnta tromchúisí eagraithe idir 2018 agus 2021, lena gcuimsítear an chalaois mháil mar thosaíocht choireachta[3], na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn maidir le cur chun feidhme Straitéis agus Phlean Gníomhaíochta an Aontais maidir le bainistiú rioscaí custam[4], na conclúidí ón gComhairle maidir le forbairt a dhéanamh ar aontas custaim an Aontais agus ar rialachas an aontais custaim sin[5], na Conclúidí ón gComhairle maidir le cistiú custaim[6], na Conclúidí ón gComhairle maidir le feabhas a chur ar mhalartú na faisnéise sin a bhaineann le cúrsaí custaim le tríú tíortha[7] agus na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an mbealach chun cinn chun an malartú faisnéise mar aon le hidir-inoibritheacht chórais faisnéise an Aontais a fheabhsú[8].

Ag meabhrú di a ábhartha agus a thábhachtaí i gcónaí atá na tosaíochtaí agus na cúraimí a leagtar amach i ndoiciméid straitéiseacha agus i ndoiciméid a bhaineann leis an trádáil neamhdhleathach tobac amhail straitéis 2013 de chuid an Aontais chun dlús a chur leis an gcomhrac i gcoinne na trádála neamhdhleathaí tobac[9] agus an plean gníomhaíochta[10] a ghabhann léi agus na Conclúidí ón gComhairle maidir le dlús a chur leis an gcomhrac in aghaidh na smuigléireachta toitíní agus foirmeacha eile den trádáil aindleathach i dtáirgí tobac[11].

AG MEABHRÚ DI Rún an 9 Márta 2016 ó Pharlaimint na hEorpa.

AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI AR a thábhachtaí atá sé go ndéanfaí an bainistiú rioscaí custam a neartú trí dhul i ngleic le rioscaí, trí shlándáil an tslabhra soláthair a neartú agus tríd an trádáil a éascú agus AG MEABHRÚ DI an córas rialaithe allmhairí (CRA) mar phríomhthionscnamh chun an anailís riosca fíor-ama a neartú agus chun tacú le comhoibriú níos fearr idir údaráis chustaim agus idir údaráis chustaim agus údaráis eile,

AG TABHAIRT DÁ hAIRE gur cuireadh i bhfios go láidir sna conclúidí ón gComhairle maidir leis an straitéis um bainistiú riosca, gur cheart rialuithe éifeachtacha, éifeachtúla agus bearta maoluithe a fheabhsú tríd an gcomhar idirghníomhaireachta a fhorbairt a thuilleadh agus trí inrochtaineacht agus comhroinnt ghaolmhar na faisnéise faoi rioscaí a fheabhsú',

---

2 SN 9798/15
3 SN 9450/17
4 SN 14894/16
5 7585/1/17 REV 1
6 SN 7586/17
7 14220/6/AE
8 SN 10151/17
9 11014/13 + COR 1
10 11014/13 + ADD1
11 SN 16644/13

AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI ar an ról a bhíonn ag na húdaráis chustaim, arb iad na príomhúdaráis iad chun gluaiseacht trasteorann earraí a rialú, go háirithe príomhionchuir i dtaca le monarú toitíní (trealamh, barrach/scagairí aicéatáite, páipéar toitíní, tobac amh) agus táirgí tobac (toitíní, tobac gearrtha, tobac scaoilte, tobac uisce-phíopa, leachtanna ina bhfuil nicitín do thoitíní leictreonacha, an tobac gan toit),

AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI AR a thábhachtaí atá comhar iltaobhach, ildisciplíneach, ilnáisiúnta éifeachtach idir na húdaráis ábhartha ar an leibhéal náisiúnta, ar leibhéal an Aontais agus le tríú tíortha agus le páirtithe ábhartha eile sa chomhrac in aghaidh táirgí tobac a bheith á dtrádáil go neamhdhleathach san Aontas,

DE BHRÍ GUR cheart comhleanúnachas a áirithiú idir gníomhaíochtaí atá dírithe ar an gcomhrac in aghaidh táirgí tobac a bheith á dtrádáil go neamhdhleathach agus an tosaíocht choireachta maidir le calaois mháil, ar tosaíocht é a bhaineann le timthriall beartais an Aontais don tréimhse 2018-2021, agus gur cheart go ndéanfaí an taithí sin a fuarthas ó na conclúidí agus ó na gníomhaíochtaí roimhe seo a chur san áireamh mar is cuí,

AG AITHINT DI an gá atá le cionta a bhaineann le táirgí tobac a bheith á dtrádáil go neamhdhleathach a imscrúdú agus a ionchúiseamh go héifeachtúil agus smachtbhannaí a fhorchur ina leith, lena n-áirítear trí na fáltais ón gcoireacht a urghabháil agus a choigistiú agus trí chosc a chur le cistí den sórt sin a bheith ag dul isteach i ngeilleagar an Aontais,

AG TABHAIRT DÁ hAIRE a thábhachtaí atá cur chun feidhme agus atá cothú na n-iarrachtaí trína ndírítear ar chur chun feidhme idirnáisiúnta bhearta riachtanacha rialaithe an tslabhra soláthair, amhail na bearta sin dá bhforáiltear leis an Treoir um Tháirgí Tobac agus leis an bProtocal chun deireadh a chur le trádáil aindleathach i dtáirgí tobac a ghabhann le Creat-Choinbhinsiún na hEagraíochta Sláinte Domhanda (EDS) maidir le Rialú Tobac (Prótacal FCTC),

AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI AR a thábhachtaí atá sé dul i ngleic le feiniméan na dtáirgí saora bána (cheap-whites) agus teagmháil a dhéanamh leis na príomhthíortha foinse agus idirthurais lasmuigh den Aontas Eorpach chun an chomhroinnt faisnéise agus an comhar a fheabhsú,

AG TABHAIRT DÁ hAIRE go bhfuil gá leis an gcur chuige ilghníomhaireachta a fheabhsú agus le faisnéis anailíseach a chomhroinnt i measc ghníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí an Aontais agus i measc comhlachtaí de chuid an Aontais (lena n-áirítear OLAF agus DG TAXUD, Europol agus an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex)),

AG TABHAIRT DÁ hAIRE gur gá na dreasachtaí do ghníomhaíochtaí aindleathacha agus inghlacthacht shóisialta na trádála neamhdhleathaí tobac a laghdú,

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN sa réimse sin ina bhfuil inniúlacht acu féin:

- feabhas a chur ar na cumais oibríochtúla ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach chun táirgí tobac a thrádáiltear go neamhdhleathach a bhrath agus a imscrúdú, lena n-áirítear tríd an méid seo a leanas:
    - an bainistiú riosca a fheabhsú, mar a léiríodh sna Conclúidí ón gComhairle maidir le slándáil an tslabhra soláthair agus bainistiú rioscaí custam a neartú;
    - feabhas a chur ar bhailiú na sonraí agus na faisnéise a bhíonn bunaithe ar ardréitigh anailíseacha TF agus roghanna idir-inoibritheachta a chruthú chun an trádáil neamhdhleathach tobac a chomhrac;
- na bearta is gá a ghlacadh chun feabhas a chur ar an gcomhar agus ar an gcur chuige idirghníomhaíochta idir an leibhéal náisiúnta, an leibhéal idirnáisiúnta agus leibhéal an Aontais agus i measc geallsealbhóirí idirnáisiúnta an Aontais trí fhaisnéis a roinnt, rochtain a dheonú, agus leas á baint as na hardáin agus as na bealaí cumarsáide atá ann cheana, amhail córas AFIS de chuid OLAF, Córas Bainistíochta Riosca don Chomhphobal (CRMS) de chuid DG TAXUD, an Feidhmchlár Líonra um Malartú Slán Faisnéise (SIENA) de cuid Europol, an Coiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN) de chuid na hEagraíochta um Chomhar Custaim, an Córas Eorpach um Fhaireachas ar Theorainneacha (Eurosur) de chuid Frontex agus lena gcomhlíontar ceanglais shonracha maidir le cosaint sonraí agus lena n-urramaítear inniúlachtaí;
- na bearta is gá a dhéanamh chun nach mbeidh sé chomh hinghlactha sin, ar bhonn sóisialta, táirgí tobac neamhdhleathach a úsáid agus chun an trádáil neamhdhleathach tobac a laghdú;
- breathnú ar réitigh chun go ndéanfaí faireachán níos córasaí ar na príomhábhair ionchuir le haghaidh táirgí tobac (amhail innealra, tobac amh gearrtha, scagairí agus páipéir a úsáidtear i dtionscal an tobac) agus na táirgí nua tobac (amhail toitíní leictreonacha, tobac gan toit) a tháirgeadh.

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

- machnamh a dhéanamh ar Phrótacal CCRT (Creat-Choinbhinsiún maidir le Rialú Tobac) a dhaingniú agus a chur chun feidhme;
- an comhar idirnáisiúnta a leathnú agus úsáid á baint as na huirlisí a chuireann Frontex agus Europol ar fáil, maille le córais agus bunachair sonraí malartaithe faisnéise eile, agus gan dúbailt a dhéanamh ar chórais malartaithe faisnéise atá ann cheana agus a fheidhmíonn go maith;

- chun feabhas a chur ar an gcomhar idirnáisiúnta, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le húdaráis imscrúdúcháin agus forghníomhaithe dlí, chun go bhféadfar an trádáil neamhdhleathach tobac a chomhrac go héifeachtach, mar shampla trí fhoirne chomhpháirteacha imscrúdúcháin nó anailíse a bhunú ar bhonn Choinbhinsiún Napoli II;

- chun a áirithiú go ndéanfar imscrúduithe cuimsitheacha, lena gcuimseofar sreafaí airgid choiriúla agus aisghabháil sócmhainní neamhdhleathacha.

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

- Prótacal CCRT a chur chun cinn i dtríú tíortha (go háirithe na príomhthíortha foinse agus idirthurais), agus dlús a chur leis na hiarrachtaí a dhéantar chun an trádáil neamhdhleathach tobac a chosc i gcomhar leis na tríú tíortha sin, agus i leith na spreagthaí fioscacha is bonn taca leis an trádáil aindleathach tobac freisin;

- doiciméad a chur ar fáil, ina ndéantar anailís ar fhorálacha aonair Phrótacal CCRT agus lena bpléitear a gcur chun feidhme ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta;

- caighdeáin theicniúla an chórais um lorg agus rianú i gcomhréir leis an Treoir um Tháirgí Tobac, nach bhforchuirfear muirir dhíréireacha ar oibreoirí, go háirithe ar oibreoirí beaga agus meánmhéide.

- plean gníomhaíochta a chur chun cinn ina leagfar amach bearta nua chun dul i ngleic le fadhb na "dtoitíní saora bána" mar ábhar práinne;

- líonra oifigigh idirchaidrimh OLAF a leathnú chuig tíortha foinse agus idirthurais táirgí neamhdhleathacha tobac agus leas a bhaint as líonra oifigeach idirchaidrimh Europol;

- na riachtanais staidrimh agus réimsí na bhfoirmeacha tuairiscithe a athbhreithniú agus anailís a dhéanamh go tráthrialta ar na sonraí a bhailítear agus forléargais straitéiseacha agus oibríochtúla ar an trádáil neamhdhleathach tobac a chur ar fáil d'údaráis na mBallstát, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, le Europol, le Frontex, le OLAF agus le geallsealbhóirí eile.